



CLÁR ÁBHAR

1. RÉAMHRÁ	1
2. FEIDHMEANNA CRO	2
3. NUA I 2011	8
AGUISÍN 1: MIONSTADREAMH	11
AGUISÍN 2: AIRGEADAS	36
AGUISÍN 3: CLÁRAITHEOIR NA gCUIDEACHTAÍ AGUS DAOINE ÚDARAITHE EILE	37

RÉAMHRÁ

Is é seo a leanas Ráiteas Misin na hOifige um Clárú Cuideachtaí (CRO):

mairseacht a dhéanamh ar an ráta agus cáilíocht is airde de na tuairisceáin bhliantúla a chomhdaíonn cuideachtaí i gcomhréir leis na forálacha ábhartha reachtúla agus a chinntiú go léireoidh an fhaisnéis faoi na cuideachtaí arna foilsiú ag an CRO an fhaisnéis sin atá soláthraithe ag na cuideachtaí.

Ag deireadh 2011, bhí tuairim is 185,000 cuideachta ar an gclár agus dá bharr comhdaíodh breis is 380,000 aighneacht leis an CRO le linn 2011.

I mí Mheithimh 2011 cuireadh an 1,000,000 ú foirm leictreonach isteach chuig an CRO. Tháinig méadú suntasach ar chomhdú leictreonach i ngach réimse foirme atá ar fáil go leictreonach sa mhéid go dtarchuirtear 60% d'fhoirmeacha reachtúla ar líne um an taca seo. Laghdaítear costais oibriúcháin gnólachtaí trí chomhdú leictreonach agus ar an gcuma seo cuirtear feabhas ar chumas iomaíochta gnólachtaí Éireannacha.

Sheachaid an CRO a mhisean go láidir in 2011 san iomlán. Baineadh amach an sprioc de 87.9% de na cuideachtaí a bheith suas chun dáta maidir le comhdú na dtuairisceán bliantúil. €20.7 milliún ab ea an t-ioncam sa bhliain. Is ardú 2% é seo i gcomórtas leis an méid a tháinig isteach in 2010, is é sin, €20.25m.

In 2011, thionscain an CRO togra chun athbhreithniú a dhéanamh ar gach réamhfhógra leachtaithe agus glacadóireachta a fuair sé i gcásanna nach raibh na próisis seo curtha i gcrích tar éis tréimhse shuntasach a bheith istigh. Dá thoradh sin baineadh 160 cuideachta ó chlár na gcuideachtaí agus tugadh 1,000 cuideachta eile suas chun dáta i dtaobh a stádas comhdaithe. Tá súil againn leanúint den bpróiseas seo in 2012.

I leathanaigh 2-10 den tuarascáil seo tugtar forbheathnú gairid ar phríomhghníomhaíochtaí agus feidhmeanna an CRO le linn na bliana 2011. Tugtar cuntas níos mionsonraithe ar na gníomhaíochtaí agus ar na staitisticí éagsúla sna hagusíní a leanas.

Tá roinnt tograí a ceapadh in 2011 le cur i ngníomh sa CRO fós le linn 2012. Cuireadh tús le foirm A1 a úsáid le haghaidh ionchorpú cuideachtaí nua mar thogra píolótach in 2011. Thiocfadh sí seo in ionad an "CRODisk" agus tá sé i gceist againn A1 ar líne a chuirtear isteach trí CORE a chur in ionad na háise CRODisk mar áis bhuan i mí Mhárta 2012. Tá ullmhú déanta ag an CRO cheana féin chun córas íocaíochta trí charta creidmheasa a chur ar bun maidir le comhdú aighneachtaí in 2012.

Is é an córas íocaíochta seo is fearr a thacóidh leis na tionscnaimh atá á bhforbairt ag an CRO chun comhdú, síniú agus íoc leictreonach a chur ar bun. Ina theannta sin déanfaidh an CRO tuilleadh machnaimh leis in 2012, ar chomhdú leictreonach amháin a dhéanamh éigeantach d'fhoirmeacha áirithe d'fhonn deireadh a chur leis an ngá le comhdú ar pháipéar sna cásanna seo.

FEIDHMEANNA AN CRO

Ionchorpú Cuideachta Nua

Cosúil leis an treocht a bhí againn anuraidh tháinig méadú uair eile ar líon na gcuideachtaí nua a ionchorpraíodh in 2011 sa mhéid gur ionchorpraíodh 14,615 cuideachta nua le linn na bliana. Is ionann sin agus breis is 1,200 cuideachta nua a ionchorpraíodh gach mí.

Le linn 2011 seachadadh an trí scéim um ionchorpú cuideachta a mhínítear thíos laistigh de na spriocanna atá againn le haghaidh seirbhíse do chustaiméirí agus laistigh de na hachair ama atá geallta againn:

- Fe Phráinn – 10 lá oibre
- CRODisk – 5 lá oibre
- Gnáthscéim – 15 lá oibre.

Ainmneacha Gnó

Tá freagracht ag an CRO leis, as clárú ainmneacha cuideachtaí de réir an Achta um Chlárú Ainmneacha Gnó, 1963. Tá laghdú suntasach tagtha ar an méid ama a thógann sé iarratais ar chlárú ainm gnó a phróiseáil ón uair a ndéanadh athchóiriú ar na nósanna imeachta sa bhliain 2010. Cláraítear 66% de na hiarratais atá comhlánaithe i gceart laistigh de 10 lá oibre agus eisítear na teastais laistigh den achar ama seo chomh maith. Críochnaítear 90% díobh laistigh de 20 lá oibre.

Ba é 26,600 líon na n-ainmneacha gnó nua a chláraigh an CRO in 2011. Is laghdú 5% é seo i gcomparáid le 2010. Comhadaíodh tuairim is 81% d'iarratais ar ainm gnó go leictreonach in 2011.

An Oifig Faisnéise, Fiosrúcháin agus Airgid

Tugann an tAonad Faisnéise seirbhís duine le duine do chustaiméirí a dhéanann teagmháil leis an Oifig tríd an nguthán, trí fhacs, tríd an bpost nó trí r-phost. Is é an tairbhe a fhaighdeann custaiméirí an CRO as sin ná go mbíonn réiteach ar a gcuid ceisteanna ar fáil dóibh ag an gcéad ghlaoch a dhéanann siad agus go gcuirtear deireadh leis an bhfrustrachas a bhaineann le bheith á n-aistriú. Oibríonn an tseirbhís, ar a sheal féin, mar sheirbhís 'líne tosaigh' don bhfoireann san oifig féin sa mhéid go gcuireann sé ar chumas ranna líne a gcuid saintascanna a dhéanamh gan aon rud a bheith ag cur isteach orthu, rud a chabhraíonn chun am próiseála doiciméad comhdaithe a laghdú.

D'fhreagair an tAonad Faisnéise breis is 73,000 glaoch gutháin le linn 2011. Is ionann sin agus 1,400 glaoch in aghaidh na seachtaine ar an meán agus ní raibh an t-am feithimh níos faide ná nóiméad amháin agus dhá soicind ar an meán, in aghaidh an ghlaigh.

Tugadh freagra ar bhreis is 9,000 r-phost le linn 2011 trí chóras láimhseála r-phoist an CRO ag info@cro.ie. Freagraíodh 97% de na r-phoist seo laistigh de 8 n-uaire oibre.

Bhí limistéir Fhiosrúcháin agus Cúntar Tosaigh an Aonaid ag freastal ar dhaoine a ghlaigh i

bpearsain chuig an CRO idir 9.30 agus 16.30 i gcaitheamh 2011. De bhreis ar a bheith ag cabhrú le glaoiteoirí pearsanta a bhfuil ceisteanna acu láimhseálann an tAonad iarratais ar chóipeanna d'aighneachtaí a chuireann cuideachtaí isteach, ar eisiúint teastas dúbailte agus ar ghnóthaí eile cosúil le litreacha stádais.

le linn 2011 d'eagraigh an tAonad Faisnéise roinnt cúrsaí sainoiliúna in-tí don bhfoireann ar ábhair ar nós "Bunrialacha Díl cuideachtaí", agus "Ceardlann don Rúnaí Cuideachta". Bhí freastal an-mhaith ar na cúrsaí seo agus d'fháiltigh an fhoireann go mór rompu. Is cuid thábhachtach iad den oiliúint agus den bhforbairt foirne a bhfuil an CRO tiomanta dóibh i gcónaí.

Ina theannta sin eagraíonn an tAonad Faisnéise rannpháirtíú an CRO i dtaispeántais, seimineáir agus laethanta oscailte agus rinne an tAonad ionadaíocht ar an CRO ag roinnt imeachtaí dá leithéid in 2011.

IN 2011 tháinig 91,455 doiciméad san iomlán isteach chuig an Oifig Airgid ó dhaoine a ghlaigh isteach chuig an Oifig i bpearsain.

Ioncam 2011

Bhí ioncam €20.7m ag an CRO in 2011, méid a sháraigh fáltais mheasta na bliana 2011, is é sin, €18m. Is méadú beag 2% é seo ar ioncam na bliana 2010 arbh é €20.25m é. Rinneadh miondealú ar fháltais na bliana 2011 de réir na gceannteideal seo a leanas: -

Ioncam an CRO	Táirgeacht 2010	Táirgeacht 2011
Pionóis de bharr comhdaithe déanacha	€11.31m	€11.759m
Táillí	€7.72m	€7.577m
Táillí Fiosrúchán & díolacháin builc	€1.11m	€0.966m
Clár cara-chumann	€0.11m	€0.101m

Is go mór mór de thoradh ar phionóis de bharr comhdaithe déanacha dar mhéid €0.458m a tháinig méadú ar tháirgeadh na bliana 2011 i gcomparáid le 2010.

Ríomh-chomhdú

Tá an CRO ag leanúint uirthi ag cur chun cinn ríomh-chomhdaithe mar an modh comhdaithe is fearr léi. Tá éifeachtacht shuntasach agus buntáistí ó thaobh costais de ag baint leis a théann chun tairbhe don láithreoir agus don CRO araon. Tá comhdú ar pháipéar ceadaithe i gcónaí áfach, más rud é gur rogha le láithreoirí gan ríomh-chomhdú a dhéanamh. Déantar aighneachtaí ar pháipéar a scannadh

i gclár chun a chinntiú go mbeidh teacht orthu go leictreonach leis, ar mhaithe le hionrochtaineacht phoiblí. In 2011 rinneadh 98% de chuardaigh ar chlár an CRO ar líne.

Tháinig méadú suntasach ar líon na ríomh-chomhdaithe in 2011. Cuireadh 230,000 aighneacht isteach trí ríomh-chomhdú. Is ionann sin agus 60% de líon iomlán na ndoiciméad a fuarthas i gcomparáid le 57% in 2010. Cuireadh 73% de Thuairisceáin Bhliantúla isteach trí ríomh-chomhdú. Is ionann sin agus 7% ní ba mó i gcomparáid le 2010.

Le linn ceathrú 4 de 2011 chuir an CRO leagan ar líne in ionad na foirme A1 CRODisk chun cuideachta nua a chlárú mar chlár trialach. Tá plean idir lámha againn an fhoirm A1 chun Cuideachta Nua a chlárú i CORE a chur ar líne, obair a chríochnófar go luath in 2012.

CORE (Timpeallacht Chláraithe do Chuideachtaí ar Líne)

Cuireann CORE ar chumas láithreoirí teacht ar fhaisnéis atá cothrom le dáta faoi na cuideachtaí a mbíonn siad mar ghníomhairí comhdaithe dóibh i dtimpeallacht bhainistithe. Ina theannta sin, ligtear do chustaiméirí teacht ar ráitis agus ar idirbhearta a gcuid cuntas. Baintear níos mó úsáid as de réir agus bhí 17,218 gcuairteoir ar leith aige in aghaidh na míosa in 2011.

Bunachar Sonraí Rialachán – Uathchlárú

Le linn thréimhse dheireanach na bliana 2009, mhéadaigh an CRO a cuid inneall rialachán leis an B2 agus B10 a chur san áireamh, ar cinn leictreonacha iad. Ina theannta sin, rinneadh tús-ualú na bhfoirmeacha a fheabhsú, m.sh., ní féidir ach oifigigh reatha cuideachta a roghnú le foirm a shíniú. Le linn na bliana 2011, rinneadh 42% de na foirmeacha leictreonacha B10 go léir, 65% de na foirmeacha B1 agus 50% de na foirmeacha B2 a chlárú go huathoibríoch.

Mar thoradh ar uathchlárú, tháinig feabhas suntasach ar na hamanna a thógtar chun clárú agus éascaítear don CRO déileáil leis an laghdú ar líon na mball foirne san Oifig.

Doiciméid i ndiaidh Ionchorpraithe

A luaithe agus a bhíonn cuideachta nua ionchorpraithe bíonn de dhualgais uirthi comhdú leis an CRO ar bhonn bliantúil agus ar bhonn ad hoc araon. Mar shampla, má éiríonn stiúrthóir as agus má cheaptar stiúrthóir nua ní mór fógra maidir leis na hathruithe seo a chomhdú leis an CRO.

Cuirtear líon mór aighneachtaí dá leithéid isteach: comhdaíodh 80,000 athrú stiúrthóra agus seoladh cuideachta leis an CRO in 2011. Ina thaobh seo tá an méadú ar úsáid ríomh-chomhdaithe agus uath-chláraithe ag an CRO ina ghné thábhachtach i gcónaí a chabhraíonn linn teorainneacha ar féidir obair eatarthu a choimeád ar amscálaí.

Tá riaráiste comhdú cionroinnt scaireanna sa CRO i gcónaí agus tá sé i gceist an riaráiste seo aa ghlanadh i gceathrú 1 agus 2 de 2012 trí ollchóiriú mór a dhéanamh ar phróisis chlárúcháin in-tí sa réimse seo.

Lóisteálacha Poist agus Tuairisceáin Bhliantúla

Is é an oifig i gCeatharlach an t-ionad ina fhaightear an post don CRO agus is í a feidhm na doiciméid go léir a fhaightear sa phost a fháil agus a scanadh ionas go mbeadh siad ar fáil do na rannóga clárúcháin in oifig Bhaile Átha Cliath agus don phobal i gcoitinne chomh luath agus is féidir. Tá seirbhís chustaiméara mar thús áite sa Rannóg agus déantar gach iarracht a chinntiú go bhfreagraítear go prap na ceisteanna a thagann ó ghlaiteoirí teileafóin, agus go bhfreagraítear ríomhphoist laistigh de 24 uair agus an comhfhreagras laistigh de choicís.

Bhaineamar na spriocanna a bhí inár bPlean Gnó maidir le haga slánúcháin agus seirbhís don gcustaiméir amach, isteach is amach, agus ba mhínic a comhlíonadh na tascanna ní ba thapúla in 2011.

Bíonn an fhoireann próiseála ag obair léi i gcónaí chun feabhas a chur ar cháilíocht na n-aighneachtaí a fhaightear ar an gClár agus le linn 2011 chuir sí tionscnaimh nua i ngníomh le cur chuige an-dearfach, cosúil leis an bhfoirm B1 lena ngabhann Uimhir Chlárúcháin Iniúcháin; sínithe ROS agus cuntais PDF.

Comhdáidh 73% de thuairisceáin bhliantúla, nach mór, go leictreonach in 2011.

Buaiceanna séasúracha

Is gnách go mbíonn ualaigh shéasúracha ar an CRO, go mór mór i mí Dheireadh Fómhair, mí na Samhna agus i mí Eanáir. Le linn na míonna seo tagann tuairim is 20,000 tuairisceán bliantúil isteach, 8,000 níos mó ná an 12,000 éigin a bhíonn le próiseáil sna míonna eile de ghnáth.

Bíonn Rannóg na Lóisteálacha Poist ag déileáil leis na mbuaiceanna séasúracha go tráthúil i gcónaí agus glantar riaráistí laistigh de thréimhse idir seachtain agus deich lá de ghnáth.

Forfheidhmiú

Rinne an CRO dualgais comhdaithe éigeantaigh tuairisceán bliantúil a fhorfheidhmiú trí cuideachtaí a bhaint den liosta in aghaidh a dtola, trí iad a ionchúiseamh agus trí caingean Ard-Chúirte a iarraidh i gcoinne cuideachtaí agus a stríorthóirí faoi alt 371 d'Acht na gCuideachtaí.

Ionchúisíodh 179 gcuideachta de bharr gan tuairisceáin bhliantúla a chomhdú. Ciontaíodh 80 díobh. Dá thoradh sin fuarthas fineálacha dar luach €44,000 agus costais €12,870. Baineadh 7,938 gcuideachta den gclár in aghaidh a dtola agus baineadh 5,653 chuideachta den gclár go deonach. Cuireadh 739 chuideachta ar ais ar an gclár, 9 gCuideachta Bhainistíochta Úinéirí san áireamh ar cuireadh iarratas isteach maidir lena n-aischur i ndiaidh tosach feidhme alt 30 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad i mí Aibreán 2011.

I gcaitheamh 2011 d'ullmhaigh an CRO páipéirí i gcomhair tionscnamh Caingne san Ard-Chúirt faoi ailt 371 i gcoinne 36 chuideachta. Cuireadh 31 díobh seo ar aghaidh chuig Oifig an Phríomh-Aturnae Stáit. Eisíodh fógraí maidir le halt 371 do 531 chuideachta agus do 1,227 stiúrthóir na gcuideachtaí céanna seo in 2011.

In imeacht na bliana, lean an CRO air ag cabhrú le hOifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach (ODCE) trí teastais tacaíochta agus trí mionnscribhinní a sholáthar, mar chuid dá bheart chun stiúrthóirí cuideachtaí dócmhainneacha díscailte a dhícháiliú nó le srian a chur orthu.

Morgáistí agus Muirir

Mar thoradh ar baill foirne bhreise a athlonnú i Rannóg Morgáistí an CRO go luath in 2011 bhí sé níos éasca dul i ngleic le moill ar phróiseáil doiciméid mhorgáiste. I ndeireadh mhí na Nollag 2011 rinneadh doiciméid mhorgáiste a scannadh agus a chlárú laistigh de na hachair ama atá leagtha amach i bplean gnó an CRO. Tá clárú Sásamh na Muirear á choimeád cothrom le dáta i gcónaí.

Leachtú agus Glacadóireacht

Bhí líon na leachtaithe a tionscnaíodh in 2011 ag méadú go seasmhach go 2,464 agus tháinig méadú 37% i gcomparáid le 2010 ar líon na nglacadóireachtaí, suas go 533, in 2011. Dá thoradh seo bhí riaráistí tréimhsiúla ar phróiseáil na n-aighneachtaí seo in 2011. Tá d'aidhm ag an CRO a cuid spriocanna maidir le hachair ama a bhaint amach arís sa chéad chearthrú den bhliain 2012. Ina theannta sin choinnigh an CRO clár atá bord ar bhord le líon na stiúrthóirí dícháilithe agus leo siúd a bhfuil srian orthu. Eisíodh tuairiscí ar chuideachtaí atá á leachtú chuig Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach go rialta.

Comhpháirtíochtaí Teoranta agus cuideachtaí Seachtracha

Próiseáladh na doiciméad go léir a bhaineann le Comhpháirtíochtaí Teoranta agus le cuideachtaí Seachtracha laistigh de 7 lá tar éis iad a fháil, rud a bhí ag teacht lenár gcuid spriocanna.

Rannóg na bhFoilseachán

Is é atá de chúram ar Rannóg na bhFoilseachán ná plean feachtais a chur i ngníomh d'fhonn feabhas a chur ar inrochtaineacht Billeoga Eolais, Foirmeacha agus Suíomh Idirlín an CRO agus a chinntiú go bhfuil eolas ag na custaiméirí ar na nithe seo.

Foilsíonn an CRO feasachán leictreonach go rialta ina dtugtar an t-eolas is deireannaí ar nósanna imeachta, cleachtais agus seirbhísí na hoifige. Ní ghearrtar aon táille ar an bhfeasachán. Tá treoracha chun liostáil i gcomhair an fheasacháin ar fáil ar www.cro.ie.

Forbhreathnú ar ídiú fuinnimh in 2011

De réir I.R. 542 de 2009 tá ar eagraíochtaí na hearnála poiblí tuairisc bhliantúil a thabhairt ar ídiú fuinnimh agus ar na bearta atá glactha acu an méid fuinnimh a ídíonn siad a laghdú.

Tá an CRO lonnaithe i dTeach Parnell, Baile Átha Cliath agus i mBóthar Uí Bhriain, Ceatharlach. Is é an CRO an príomhúsáideoir fuinnimh i dTeach Parnell (67%) agus roineann sí an foirgneamh, ceaintín, 3 sheomra cruinnithe, leithris agus limistéar fáiltithe le Clárlann na gCara-Chumann agus leis an Údarás Iomaíochta. Ní ídíonn an CRO i gCeatharlach mórán fuinnimh i mBóthar Uí Bhriain (33%) agus roinneann sí an foirgneamh leis an Údarás Náisiúnta Cearta Fostaíochta. Chomh maith leis sin roinneann sí áiseanna ceaintín, leithris agus an limistéar fáiltithe leis. Tugadh aitheantas don bhFoireann Fuinnimh i dTeach Parnell ón tionscnamh Optimising Power @ Work in 2010. Bhain sé an dara áit amach sa chatagóir an Foirgneamh is fearr a chruthaíonn – Foirgnimh aerchóirithe.

In 2011, d'ídigh an CRO/RFS (Baile Átha Cliath & Ceatharlach) 756.15 Uaireanta Meigeavata d'fuirneamh inar cuimsíodh:

- 371.66 Uaireanta Meigeavata leictreachais;
- 384.49 Uaireanta Meigeavata breoslaí iontaise agus gás nádúrtha an t-aon bhreosla a úsáideadh.
- Ní bhaineann an CRO úsáid as aon bhreosla inathnuaite i láthair na huaire.
- Astúcháin CO₂: 277,597.56 cileagram

Is féidir miondealú a dhéanamh ar ídiú fuinnimh de réir áite:

Baile Átha Cliath – 673.90MWh of energy consisting of:

- 319.67 Uaireanta Meigeavata leictreachais;
- 354.23 Uaireanta Meigeavata breosla iontaise agus gás nádúrtha an t-aon bhreosla a úsáideadh.

Ceatharlach – 82.25 Uaireanta Meigeavata fuinnimh inar cuimsíodh:

- 51.99 Uaireanta Meigeavata leictreachais;
- 30.26 Uaireanta Meigeavata breosla iontaise agus gás nádúrtha an t-aon bhreosla a úsáideadh.

Bearta a rinneadh in 2011

- Feistíodh breis is dhá chéad bolgán solais 4 vata LED 'ísealfhuinnimh' agus braiteoirí gluaiseachta breise (Teach Parnell).
- Rinneadh láithreoireachtaí feasachta fuinnimh don bhfoireann (san dá shuíomh).
- Seoladh r-phoist maidir le coigilt fuinnimh chuig an bhfoireann a chuir i gcuimhne do gach duine montatóirí ríomhaire, printéirí srl. a mhúchadh istoíche (san dá shuíomh).
- Laethanta nár baineadh úsáid as an ardaitheoir gach mí (Teach Parnell).
- Iniúchtaí fuinnimh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre (Teach Parnell).
- Laghdú suntasach ar uaireanta oibriúcháin an Aonaid Láimhseála Aeir (Teach Parnell).

- Uaineadóirí téimh arna ríomhchlárú go rialta de réir cúinsí aimsire reatha (san dá shuíomh).

Ní féidir méideanna sonracha a thabhairt maidir le coigilt fuinnimh mar thoradh ar cheann ar bith de na bearta thuas ach ar an iomlán baineadh coigilt fuinnimh 15% amach san dá áit i gcomparáid le 2010. Thángthas ar réiteach fadhb an ídiú gáis i gCeatharlach in 2010, rud as a lean laghdú ollmhór os cionn 53% in 2011.

Bearta atá ar na bacáin le haghaidh 2012

- Staidéar a dhéanamh ar an bhféidearthacht na fuinneoga pána shingil a ionadú i dTeach Parnell.
- Póstaer nua ar fheasacht fuinnimh le crochadh suas sna foirgnimh (san dá shuíomh).
- Láithreoireachtaí don bhfoireann (san dá shuíomh).
- Córas bainistithe foirgnimh a shuiteáil (Córas Bainistithe Foirgnimh chun monatóireacht a dhéanamh ar an gcóras teasa sa bhfoirgneamh agus chun é a rialú (san dá shuíomh)).
- Iniúchadh fuinnimh lasmuigh de ghnáthuaireanta oibre (san dá áit).

Meastar go bhféadfar coigilt fuinnimh idir 5-10% a bhaint amach mar toradh ar fheachtais Feasachta Fuinnimh. Trí Córas Bainistithe Foirgnimh a úsáid féadann an dá oifig ídiú fuinnimh a bhainistiú ó chéin agus go héifeachtúil agus ba chóir go mbeidh coigiltí mar thoradh air seo amach anseo.

RUDAÍ NUA IN 2011

Idirnascadh na gClár

Ar an 24 Feabhra 2011 ghlac an Coimisiún Eorpach le moladh le haghaidh Treorach maidir le hidirnascadh na gclár lárnach, na gclár tráchtála agus clár na gcuideachtaí. Mar thoradh air seo beidh ar na Ballstáit go léir a gcláir a nascadh go leictreonach. Leis an Treoir mholta seo leasófar an Treoir um chumaisc thrasteorann (200556/CE) agus an Treoir um nochtadh brainse (89/666/EEC) chomh maith leis an Treoir 2009/101/CE maidir le comhordú cosaintí do leasa ball agus tríú páirtithe. Is iad na príomhchuspóirí atá leis an moladh seo ón gCoimisiún ná rochtain thrasteorann ar fhaisnéis oifigiúil ghnó a éascú trí sraith íosta choiteann faisnéise ar chuideachtaí a shainiú atá suas chun dáta agus a chuirtear ar fáil do thríú páirtithe i ngach teanga an AE; creatlach le haghaidh comhoibriú trasteorann idir cláir ghnó a fhorbairt agus a chinntiú go soláthraíonn cláir ghnó faisnéis atá suas chun dáta le stádas cuideachtaí atá ar a gcláir do chláir ghnó brainsí eachtracha na cuideachta ar fud na hEorpa.

Is iad an Chomhairle agus an Pharlaimint i dteannta a chéile a dhéanfaidh cinneadh maidir le nós imeachta reachtaíochta chun comhaontú ar an Treoir seo a bhaint amach.

Iniúcháirí nach bhfuil cláraithe

Is cion é faoi Acht na gCuideachtaí a bheith ag gníomhú mar iniúcháir gan a bheith cáilithe agus is féidir le hOifig an Stiúrthóra um Ionchúiseamh Poiblí duine a dhéanann a leithéid a ionchúiseamh. I mí Aibreán 2011 chuir an CRO córas ar bun atá ceaptha chun láithreoirí a díspreagadh ó (a) tuairisc iniúchára a chomhdú atá sínithe ag iniúcháir neamhchláraithe nó (b) tuairisc iniúchára a chomhdú atá sínithe go calaoiseach le hainm iniúchára chláraithe. Leis an gcóras seo iarratar ar an láithreoir a chuireann tuairisceán bliantúil mar aon le cuntais iniúchta isteach Uimhir Chláraithe an Iniúchára a lua ar an bhfoirm B1 (foirm an tuairisceáin bhliantúil). Seolann an CRO r-phost chuig úinéir an Uimhir Chláraithe ansin chun a chur in iúl dó/di gur úsáideadh a (h)Uimhir Chláraithe ar fhoirm B1 cuideachta áirithe.

Le linn 2011, rinne foireann an CRO na rudaí seo a leanas:

- chuir an córas nua Uimhir Chláraithe Iniúchára i ngníomh,
- bhí idirchaidreamh acu le láithreoirí, cuideachtaí agus iniúcháirí agus iad ag plé le cásanna aonair,
- bhí siad ag obair chun sláine an Chláir a chosaint trí bheith ag cinntiú, an oiread agus is féidir, go gcuirfí tuairisceáin iniúchára atá sínithe ag iniúcháirí atá cláraithe i gceart in ionad tuairisceán bliantúil atá sínithe ag iniúcháirí neamhchláraithe,
- thugadar tuairisc faoi gach cás iniúchára neamhchláraithe d'Oifig an Stiúrthóra um Fhorfheidhmiú Corparáideach agus chabhraigh siad leis an Oifig ina cáil mar ionchúisítheoir i gcásanna dá leithéid,
- thugadar tuairisc go rialta d'eagraíochtaí ionadaithe bainistíochta agus cuntasáíochta i ndáil le hiniúcháirí neamhchláraithe a aimsíodh agus an beart a glacadh ina thaobh seo.

Bille na gCuideachtaí

Sheol an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, an tUas. Richard Bruton TD Dréacht-Bhille na gCuideachtaí i mí Bhealtaine 2011. Tiocfaidh athrú mór ar dhlí na gcuideachtaí in Éirinn de thoradh an bhille seo agus tabharfaidh sé cód dlí cuideachtaí úrscothach do na húsáideoirí. Comhdhlúthóidh Bille na gCuideachtaí reachtaíocht Cuideachtaí atá in Éirinn faoi láthair, reachtaíocht a achtaíodh i 1963, agus tabharfaidh sé roinnt athchóirithe dlí cuideachtaí isteach. Tá an Bille bunaithe ar Scéim Ghinearálta Bhille Chomhdhlúthú agus Athchóiriú na gCuideachtaí a d'ullmhaigh an An Grúpa Athbhreithnithe ar Dhlí Cuideachtaí.

Is céim fíor-thábhachtach foilsíú an chéad imleabhair den dhá imleabhar. Tá sé roinnte ina 15 chuid agus tá sé dírithe go huile agus go hiomlán ar an *gcuideachta príobháideach faoi theorainn scaireanna*. Tá an chéad mholadh ón gGrúpa Athreithnithe ar Dhlí Cuideachtaí a thug sé ina Chéad Tuairisc (31 Nollaig 2001) á léiriú aige, is é sin, gur *“chóir díriú go mór mór.... ar an gcuideachta príobháideach faoi theorainn scaireanna d’fhonn é a dhéanamh níos simplí”*. Labhair an CRO ag roinnt imeachtaí dlí cuideachta in 2011 maidir leis na pleananna atá ar na bacáin aige gnéithe ábhartha den Bhille a chur i ngníomh agus leanfar den obair seo in 2012.

An tAcht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011

Tháinig feidhm leis an Acht um Fhorbairtí Ilaonad 2011 ina iomláine ar an 1 Aibreán 2011. De bhun ailt 30 den Acht seo is féidir úsáid a bhaint as Foirm H1-OMC as seo amach chun iarratas a dhéanamh chuig an CRO maidir le Cuideachta Bhainistíochta Úinéirí a díscaoileadh laistigh den sé bliana atá thart a aiscur mar chuideachta atá ag oibriú mar chuideachta dá shórt, más rud é gur dílsíodh na comhlímistéir nó cuid díobh, den bhforbairt ilaonaid ar ionchorpraíodh an chuideachta ina thaobh sa chuideachta díreach roimh dáta díscaoilte na cuideachta.

Sainítear Cuideachta Bhainistíochta Úinéirí in Alt 1 den Acht um Fhorbairtí Ilaonad, 2011.

Príomh-dhílárú go Ceatharlach

I mí na Samhna 2011 d'fhógair an Rialtas go ndéanfar athbhreithniú ar an bpríomh-dhílárú go Ceatharlach agus táthar ag súil le cinneadh go luath in 2012.

AGUISÍN 1

MIONSTADREAMH

Comhdhéanamh an Chláir agus Gníomhaíocht ar an gClár

Comhdhéanamh an Chláir ag Deireadh 2011


	2010	%	2011	%
Príobháideach Teoranta	160,349	86.40	159,536	86.15
Poiblí Teoranta	1,717	0.92	1,799	0.97
Neamhtheoranta	3,927	2.12	4,126	2.23
Ráth	15,649	8.43	15,643	8.45
Seachtrach	3,945	2.13	4,053	2.19
EEIG	21	-	24	-
Iomlán	185,608		185,181	

Nóta: níl cuideachtaí atá á leachtú san áireamh sa tábla seo.

Gníomhaíocht ar Chlár na gCuideachtaí in 2011

	2010	2011	% +/-
Líon iomlán na gCuideachtaí Nua Cláraithe as seo bhí	14,013	14,615	+4.3
Príobháideach Teoranta	13,054	13,621	+4.34
Poiblí Teoranta	164	170	+3.66
Neamhtheoranta	220	293	+33.18
Ráth	575	531	-7.66
Athshlánaithe			
Ag cuideachtaí laistigh de bhliain ó bheith bainte den chlár	498	608	+22.08
Ag an Ard-Chúirt nó an Chúirt Chuarda	161	131	-18.02
Cuideachtaí a Díscáioleadh	13,399	15,023	
Athrú Glan	+1,273	+331	

Líon iomlán na gcuideachtaí nua ionchorpraithe in 2011:	14,615
Líon iomlán na gcuideachtaí a díscáioleadh le linn 2011:	15,023
Líon íomlán na gcuideachtaí a athshlánaíodh chuig an gclár in 2011:	739
Líon na gcuideachtaí aon bhall ar an gclár:	46,429



Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár

Déanann alt 311(8) agus alt 311A d'Acht na gCuideachtaí, 1963, agus alt 12B.(3) agus alt 12C d'Acht na gCuideachtaí (Leasú), 1982 foráil d'athshlánú cuideachta díscailte chuig Clár na gcuideachtaí. Féadann cuideachta a bheith athshlánaithe chuig an gClár trí iarratas a dhéanamh go dtí :


- An Ardchúirt sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte
- An Chúirt Chuarda sula mbeidh fiche bliain téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás gur creidiúnaí an t-iarratasóir
- Cláraitheoir na gCuideachtaí sula mbeidh dhá mhí dhéag téaltaithe ón dáta díscailte, sa chás go ndéanann an chuideachta an t-iarratas, nó go ndéantar ar a son é.

Bliain	Cuideachtaí a Athshlánaíodh chuig an gClár	Cuideachtaí ar an gClár	%
2007	805	180,891	0.4
2008	834	184,306	0.5
2009	975	185,052	0.5
2010	659	185,608	0.35
2011	739	185,181	0.4

Clár Seachtrach

Cuideachtaí ar an gclár seachtrach an 31 Nollaig 2011:

	2010	2011
Brainsí (AE)	1,472	1,512
Brainsí (Neamh-AE)	352	363
Áit Ghnó	2,121	2,178
Iomlán ar an gclár seachtrach	3,945	4,053



Athruithe ar ainm cuideachta

Le linn 2011, ceadaíodh 1,905 athrú ar ainmneacha cuideachtaí. Áirítear ar an bhfigiúr sin cuideachtaí a éilíodh orthu a n-ainmneacha a athrú faoi Alt 23(2) d'Acht na gCuideachtaí 1963. In 2010, bhí 1,832 athrú ar ainmneacha cuideachtaí agus bhí 1,926 in 2009.

Cumasc Trasteorann

Fuarthas trí chuideachta trí reachtaíocht um Chumasc Trasteorann in 2011 agus rinneadh sé chuideachta eile a chomhghabháil. Rinneadh iarratas aon eadáil eile nach bhfuil curtha i gcrích go fóill agus pleanáladh go ndéanfaí 17 chuideachta eile a chomhghabháil in 2011. Fuarthas 15 gcuideachta faoin reachtaíocht go dtí seo, agus rinneadh 17 chuideachta a chomhghabháil.

Bliain	Trí éadáil	Trí ionsú
2008	1	2
2009	5	7
2010	6	5
2011	3	6

Societas Europaea

Cuireadh 1 Societas Europaea ar an gclár sa Stát le linn na bliana, atá cuideachta phoiblí theoranta a chomhshó i SE.

Bliain	Isteach	Amach
2008	1	0
2009	2	2
2010	4	0
2011	0	1

Imircí Chiste Infheistíochta

Cláraíodh Sé cheann déag de cuideachtaí sa Stát ar leanúint i ndiaidh imirce isteach faoi alt 256F Acht na gCuideachtaí 1990 arna chur isteach le hAlt 3(j) d'Acht na gCuideachtaí 2009 (Forálacha éagsúla).

Bliain	Imirce Isteach
2010	1
2011	16

Cead “Teoranta” a fhágáil amach as ainm

In 2011, tugadh cead do na cumainn/cuideachtaí seo a leanas “Teoranta” a fhágáil amach as a n-ainmneacha:

ACTIVE CITIZEN
ARABELLA COUNSELLING
ASNI ARTISTS STUDIO NETWORK IRELAND
ASSOCIATION OF CHIEF EXECUTIVES OF STATE AGENCIES
ATHLETIC REHABILITATION THERAPY IRELAND
ATLANTIC AID
BIORRA LE GAEILGE
CLONMACNOIS FAITH HERITAGE TRUST
COMPASSION IRELAND CHRISTIAN CHILD DEVELOPMENT
CORK CANCER RESEARCH CENTRE
CSH CHILDCARE SERVICES
DROGHEDA SPECIAL OLYMPICS CLUB
ECCE & PLAY EARLY CHILDHOOD IRELAND
EUROPEAN BUSINESS ETHICS NETWORK IRELAND
FID-FIGHTING INFECTIOUS DISEASES-THE GAMBIA
G.I.V.E. FOUNDATION
GALWAY CAT RESCUE
GOING BROWN
IRISH ACADEMY OF BIO MEDICAL SCIENCES
IRISH ASSOCIATION FOR EMERGENCY MEDICINE
IRISH AUTISM ACTION
IRISH CLAIMS CONSULTANTS ASSOCIATION
LOUTH COMMUNITY DRUG AND ALCOHOL TEAM
MENTAL HEALTH REFORM
MERCY CENTRE BANGKOK
MERCY INTERNATIONAL ASSOCIATION
MISSIONARY SISTERS OF ST COLUMBAN (INTERNATIONAL)
MISSIONARY SISTERS OF ST COLUMBAN (IRELAND)
NON-RESIDENT NEPALI ASSOCIATION (NRN)
NRH FOUNDATION
OPERATION CHILDLIFE
PLURABELLE PADDLERS
SMURFIT KAPPA GROUP FOUNDATION
